

POSITIVE ENERGY

€3 billiún Clár Infheistíochta Fhuinnimh Dearfach d'Éireann

Is ceann de na príomhchomhlachtaí fuinnimh in Éireann iad Energia, a soláthraíonn leictreachas agus gás do thithe agus gnólachtaí fud fad na tíre agus dúthracht nach beag acu d'inbhuanaitheacht fhuinnimh náisiúnta trí acmhainní inathnuaite.

Is muid an chumhacht taobh thiar de scoileanna, oispidéil, soilsiú poiblí agus gach uile gné den saol atá fuinneamh de dhíth chun rudaí a bhrú ar aghaidh.

Faoi láthair, soláthraíonn Energia thart ar 25% den fhuinneamh in Éireann, mar aon le 21% den leictreachas inathnuaite – ag cur fuinnimh ar fáil do bhreis agus 750,000 teach cónaithe agus gnólacht. Chun ár gcuidse de thodhchaí dearfach fuinnimh na tíre a mhéadú, táimid faoi láthair ag forbairt tionscnamh i bhfuinneamh gaoithe, fuinneamh gréine, táirgeadh hidrigin, monarcha fuinnimh bitheolaíocha agus taisc-cheallra.

Le 20 bliain anuas, táimid i ndiadh breis agus €1Bn a infheistiú i mbonneagar soláthair fuinnimh na tíre. Sa bhliain 2019, nochtaíomar ár bplean chun €3Bn sa bhreis anuas ar sin a infheistiú in ár gClár Fuinnimh Dearfach d'Éireann.

Mar ceann den 50 gnólacht is mó le rá in Éireann, táimid tiomanta do thodhchaí dearfach fuinnimh d'Éireann agus dírithe ar leanúint ar aghaidh lenár n-infheistíocht sa todhchaí sin do muintir agus géilleagar na tíre. I measc tionscnamh eile, tacaíonn Energia le cur chun cinn na teanga Gaeilge trí urraíocht a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge, agus tacaíonn muid freisin le Grow It Yourself, atá lonnaithe i bPort Láirge.



Ag soláthnú breis agus

1,200MW d'fhuinneamh glas in Éireann



Ag freastal ar éileamh fuinnimh do breis agus


750,000

teach cónaithe agus gnólacht fud fad an oileáin



Breis agus **€1 bn** infheistithe in mbonneagar soláthair fuinnimh na hÉireann cheana.

Faoi láthair tá Energia freisin ag forbairt:



Cén fáth Gaoth Amach ón gCósta?

Tá staid éigeandála aeráide fógartha ag rialtas na tíre agus spriocanna uallmhianacha chun dícharbónú a dhéanamh trí léibhéileacha ardaithe giniúint fuinnimh inathnuaite roimh 2030 leagtha amach acu, sa Phlean Gnímh Aeráide.

Beidh ról suntasach ag gaoth amach ón gcósta, agus an chaoi ina bhfuil sé in ann fuinneamh inathnuaite a ghineadh ar bheagán chostais agus ar scála mór, sna spriocanna sin a bhaint amach i dtreo 2030 agus níos faide i gcéin. Faoi láthair, caitheann an tír thart ar €6 billiún in aghaidh na bliana ar an athrú go dtí foinse dúchasach d'fhuinneamh inathnuaite, agus beidh luach na hinfheistíochta sin le mothú sa ghéilleagar áitiúil agus náisiúnta.

Tá an tír réidh anois le tairbhe a bhaint as na laghdaithe suntasacha costais ar ghaoth amach ón gcósta atá le mothú i margai in aice láimhe cheana féin. Agus ar a laghad 3.5GW de gaoth amach ón gcósta le bheith seachadta roimh na bliana 2030, tá deis suntasach don tír, ar léibhéal náisiúnta agus réigiúnach, ann.


Dár le 'Wind Europe', gineann gach €1,000 infheistithe i bhfuinneamh gaoithe €250 in earnálacha geilleagracha eile¹. Mar shampla, chruthódh infheistíocht de thart ar €1Bn i bhfeirm ghaoithe amach ón gcósta fostaíocht nach beag, mar aon le €250m a chur isteach sa ghéilleagar áitiúil agus náisiúnta; thairis sin, rachadh Ciste Bhuntáiste Pobail chun sochair díreach do phobail áitiúla. Soláthródh feirme gaoithe amach ón gcósta maoiniú substantúil leanúnach do phobail áitiúla thar tréimhse 25 bhliain, mar aon le deiseanna ann do calafoirt áitiúla agus uasghrádú bonneagair a dhéanamh chomh maith.

Tá dréacht-fráma náisiúnta pleanála mara foilsithe ag an rialtas i gcomhair comharliúcháin, a déanann an fráma chun forbairt inbhuanaithe a dhéanamh ar limistéar mara na hÉireann a leagan amach. Tá fócas ann ins an fráma seo ina bhfuil na húsáideoirí difriúla den fharraige thart ar an tír tógtha san áireamh, ar fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta, agus aithníonn sé ceantacha ina bhfuil ceadúnais urthrá ann cheana, nó iarratas ann dóibh. Tá an fráma ailínithe leis an bPlean Gnímh Aeráide agus an sprioc ann ar a laghad 3.5GW a ghineadh amach ón gcósta roimh 2030, agus aithníonn sé freisin gur féidir le spriocanna sa todhchaí cur leis an méid seo go suntasach.

Sprioc de

3.5GW 

**amach ón gcósta
ar an laghad roimh
2030 sa Phlean
Náisiúnta Gnímh Aeráide**



Caitheann an tír

€6 bn

**in aghaidh na bliana ar
iompórtáil breoslaí iontaise**

**Dár le Wind Europe,
gineann gach €1,000 infheistithe
i bhfuinneamh gaoithe €250
in earnálacha geilleagracha eile**

Céard é an próiseas agus an scála ama?

Is é an chéad céim i measúnú a dhéanamh ar na féidireachtaí feirm ghaoithe amach ón gcósta a shuígh ná iarratas a sheoladh chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, a dhéanfadh rialú ar na féidireachtaí suirbhé mara agus ghrinneall na farraige a dhéanamh. Roimh an iarratas a chur isteach, chuaigh Energia i gcomhairle le na húdaráis reachtúla seo a leanas: Bord Iascaigh Mhara, an t-Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, Comhairle Contae Phort Láirge, Calafort Phort Láirge, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Cuan an Dúin Mór Thoir), Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Oifig na Suirbhéireachta Mara, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Iascach Intíre Éireann. Mar chuid den phróiseas ceadúnais urthrú a bhaint amach, tá tréimse chomharliúcháin phoiblí agus reachtúil ann, atá curtha ina chríoch anois cheana. Le linn an tréimhse comharliúcháin seo, fuairamarroinnt aighneachtaí ó chomhlachtaí ceaptha agus ó baill an phobail, agus thugamar freagair dóibh mar chuid den phróiseas.

Measúnú Timpeallachta

Má bhronntar an ceadúnas urthrú, tosóidh Energia an obair a dhéanamh ar mheasúnú thionchar timpeallachta (MTT) don tionscnamh, thar tréimhse dhá bliain nó níos mó. Is é cuspóir an mheasúnú seo ná eolas a thabhairt ar an timpeallacht glactha agus measúnú a dhéanamh ar aon tionchar gur dócha go mbeidh ag feirm ghaoithe ann laistigh de limistéar faoi leith. Ar mhaithe le sonraí bunlíne a fháil don mheasúnú seo, déanfaidh Energia suirbhéithe mara agus ghrinneall na farraige (ceadaithe faoin gceadúnas urthrú) laistigh den limistéar staidéir sainithe. Tá gá leis na suirbhéithe seo chun oiriúnacht an láthair faoi chaibidil a mheasúnú i leith feirm ghaoithe amach ón gcósta a thógáil, agus bheadh sé mar ionchur amháin ar chinneadh sa todhchaí leanúint ar aghaidh le hiarratas pleanála acmhainneach nó gan.

Suirbhéithe

Le linn an tréimhse MTT seo tabharfaimid faoi suirbhéithe chun tomhais a dhéanamh ar dhoimhneacht uisce, chun gnéithe ar ghrinneall na farraige a aithint, chun dríodar ar ghrinneall na farraige a rialú maraon leis an dáileadh a chlaíonn leis (idir gaineamh, láib, grean agus carraig), ar agus faoi ghrinneall na farraige. Tabharfaimid freisin faoi suirbhéithe chun éiceolaíocht, ar agus i lár ghrinneall na farraige agus an cholúin uisce, a rialú. Déanfar taifeadadh ar luas na ghaoithe, luas reatha, treo, agus tonnairde freisin.

Rannpháirtíocht Pobail agus Geallsealbhora

Beidh rannpháirtíocht chuimsitheach gheallsealbhóra agus phobail barrthábhachtach sa phróiseas MTT seo, rud a chinnteodh go bhfuil deis ag gach duine labhairt linn faoin tionscadal, a mbarúla nochtadh agus a bheith coinnte suas-chun-dáta le dul chun cinn i gcónaí. Próiseas leanúnach a bheidh sa rannpháirtíocht phobail seo le linn an tréimhse MTT agus aon iarratas pleanála féidireachtúil ag eascrahd uaidh, dá gcinnfeadh é. Tábhairfidh sé seo deis don phobal imscrúdú agus trácht a dhéanamh ar réimse leathan roghanna don tionscadal, mar shampla leagan amach agus suíomh aon fheirm ghaoithe, bealach cábla chuig an gcladach, agus ceangal leis an eangach náisiúnta. Beidh il-chinéil cuma ar an rannpháirtíocht seo, agus beidh cáipéis eolais ag an tús ann, a dhéanfadh cur síos ar bhuneolas barrthábhachtach, amlínte agus sonraí ar an amlíne MTT, spriocanna an tionscadail agus imeachtaí rannpháirtíochta phobail atá le teacht.

Oifigeach Idirchaidrimh Iascaigh

Mar chuid den gníomhú gheallsealbhóra seo, agus roimh aon suirbhé ar ghrinneall na mara, rachaidh Energia i gcomhairle le grúpaí agus eagraíochtaí iascaigh, le chuidiú uaidh oifigeach idirchaidrimh iascaigh (OII) acu. Tá ról ag an OII seo eolas tionscadail agus amlínte a sholáthrú don earnáil iascaireachta agus aghaidh a thabhairt ar aon aschur idir bhuaire agus ceisteanna atá acu, agus an sprioc ann go mbeadh sé indéanta don dá ghníomh leanúint ar aghaidh in aice a chéile. Is ról fad-bhunaithe é an OII in earnáil na mara agus beidh eolas cuimsitheach ar na pobail agus na gnímh iascaireachta sa láthair staidéir acu. Beidh deis ag lucht leasa na hiascaireachta na pleananna seo agus a n-gníomhaíochta a phlé linn i bhfad chun tosaigh ar tús a bheith curtha le suirbhé ar bith.

Dea-Chleachtas

Mar oibrítheoirí fad-téarmacha ar thionscadail fhuinnimh inathnuaite, tuigeann Energia an tábhacht a chlaíonn le caidrimh buana a fhorbairt leis an bpobal in aon áit ina bhfuilimid ag feidhmiú. Tá crúthúnas ann go bhfuil an dea-chleachtas timpeallachta is fearr i bhfeidhm ar gach tionscadal fhuinnimh inathnuaite dár gcuidse, agus táimid go h-uile agus go hiomlán tiomanta i dtreo rannphartaíochta agus comharliúcháin oscailte.

CCanna

Cad is Ceadúnas Urthrá Ann?

An t-urthrá ná an talamh agus grinneall na farráige idir an line bharr lain agus an limistéar 12 mhuirmhíle. Is leis an Stáit an urthrá seachas sa chás ina bhfuil teideal bailí mhalartach soláthraithe.

Tugann ceadúnas urthrá cead, i gcás an Tionscadal Mara Cheilteach Thuaidh, suirbhéithe taighde suímh a dhéanamh laistigh den urthrá.

Ní hionann é agus cead pleanála, agus ní thugann sé cead feirm gaoithe a thógáil. Tá ceadúnas urthrá de dhíth freisin chun obair deisiúcháin nó obair chosaint chósta faoi leith a dhéanamh, píblínte faoin bhfarráige nó cáblaí a leagan amach, dreidireacht a dhéanamh, nó feamainn fhiáin a bhaint.

Céard é an chéad céim eile?

Má bhronntar ceadúnas urthrá ar Energia, cuirfimid tús leis an measúnú tionchair timpeallachta ("MTT"), a thitfeadh amach thar tréimhse dhá bhliain nó níos mó. Is é aghaidh a thábhairt ar na suirbhéithe leagtha amach san iarratas cheadúnas urthrá an chéad céim san MTT. Déanfaidh sé seo oiriúnacht an suímh i gcomhair feirm ghaoithe amach ón gcósta a mheasúnú, agus i ndiaidh don MTT a bheith críochnaithe, más rud é gur oiriúnach atá an suíomh, déanfar breithniú sa bhreis ar iarratas pleanála.

Cén sprioc atá ag na suirbhéithe?

Tá réimse leathan gnéithe timpeallachta, teicniúla agus tráchtála ann a chinneann cé chomh oiriúnach atá suíomh le haghaidh feirm ghaoithe amach ón gcósta. Tá bharfaidh na suirbhéithe mar chuid den iarratas ar cheadúnas urthrá eolas dúinn faoi ghnéithe timpeallachta agus teicniúla an tionscadail, a bheadh mar chuid ansin de thuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta, tiomsaithe thar tréimhse dhá bhliain nó níos mó. Dé ghnáth, baileoidh suirbhéithe mar sin eolas ar eiceolaíocht, geolaíocht agus seandálaíocht na farráige, doimhneacht an uisce, luas agus treo reatha, tonnairde agus luas na gaoithe.

Tá cosúlachtaí idir an gníomh suirbhé urthrá molta seo agus neart suirbhéithe eile atá ar siúil faoi láthair cheana féin thart ar chósta uile na hÉireann chun suíomhanna iomchuí a aithint chun fuinneamh inathnuaite a ghiniúint. Tá ceadúnas urthrá de dhíth freisin chun obair deisiúcháin nó obair chosaint chósta faoi leith a dhéanamh, píblínte faoin bhfarráige nó cáblaí a leagan amach, dreidireacht a dhéanamh, nó feamainn fhiáin a bhaint

Conas a dhéanann feirm gaoithe amach ón gcósta maitheas do phobail aitiúla?

Dár le 'Wind Europe', gineann gach €1,000 infheistithe i bhfuinneamh gaoithe €250 in earnálacha geilleagracha eile². Mar shampla, chruthódh infheistíocht de thart ar €1Bn i bhfeirm ghaoithe amach ón gcósta fostaíocht nach beag, mar aon le €250m a chur isteach sa gheilleagar áitiúil agus náisiúnta; thairis sin, rachadh Ciste Bhuntáiste Pobail chun sochair díreach do phobail áitiúla. Soláthróidh feirme gaoithe amach ón gcósta maoiniú substantúil leanúnach do phobail áitiúla thar tréimhse 25 bhliain, mar aon le deiseanna ann do calafoirt áitiúla agus uasghrádú bonneagair a dhéanamh chomh maith.

Cé mhéad cumhacht ar féidir le feirm gaoithe amach ón gcósta a ghiniúint?

Bheadh gnáthfheirm ghaoithe amach ón gcósta in ann fuinneamh a sholáthré do 450,000 teach cónaithe gach bliain – Dóthain cumhacht a chur ar fáil do gach teach in Oirdheisceart agus Iardheisceart na tíre seo. Is ionann é seo agus thart ar 8 mhilliúin tonna d'astaíochtaí carbóin a sheachaint thar tréimhse saoil 25 bhliain na feirme.

An bhfuil teacht ar eolas sa bhreis maidir leis na suirbhéithe agus an tionscadal seo?

féidir teacht ar eolas ar na suirbhéithe in iarratas cheadúnais urthrá Energia atá ar fáil go poiblí, ach cuardach a dhéanamh ar 'Energia' ar suíomh na Ranna Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Aitiúil, www.housing.gov.ie

Má tá rath ar Energia ceadúnas urthrá a bhaint amach, déanfar gníomhú cuimsitheach le geallsealbhóirí agus na pobail, chun cinntiú go bhfuil deis ag gach duine labhairt linn faoin tionscadal, a mbairiúil a chur trasna, agus a bheith coinnte suas-chun-dáta ar dul chun cinn. Mar chuid den gníomh seo, beidh imeachtaí eolais poiblí eagraithe, mar aon le suíomh idirlíon tiomanta don tionscadal. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn am ar bith, ach ríomhphost a sheoladh chuig

northcelticsea@energia.ie

www.energia.ie